# Fógra eolais don othar maidir le malartú trasteorann na hAchoimre ar an Othar

## LUCSAMBURG

Tugtar an fógra eolais seo chun an oibleagáid a leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 a chomhlíonadh maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).
Is é is cuspóir leis an bhfógra seo na saoránaigh Eorpacha, a bhfuil a dtoiliú tugtha acu le malartú leictreonach a nAchoimre ar an Othar chuig gairmí cúraim sláinte a chleachtann i Lucsamburg, na saoránaigh sin a chur ar an eolas faoi chuspóir phróiseáil a sonraí pearsanta.

### 1. Cad é an bonneagar ríomhsheirbhísí sláinte?

Déantar malartú leictreonach na hAchoimre ar an Othar tríd an mBonneagar Seirbhísí Digiteacha r-Shláinte (eHDSI) a bunaíodh mar chuid den chlár Eorpach SCE (an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa eHDSI), bonneagar a nascann na Pointí Teagmhála Náisiúnta don r-Shláinte le chéile. Is córas leictreonach trasteorann é eHDSI a thugann bealach slán simplí do shaoránaigh den Aontas Eorpach chun a sonraí pearsanta a tharchur má bhíonn cóir leighis ag teastáil uathu thar lear, is é sin seirbhísí eHDSI, ach a mbeidh toiliú tugtha acu roimh ré.

Soláthraítear na sonraí pearsanta go leictreonach do na gairmithe sláinte sna Ballstáit den Aontas Eorpach ina bhfuil cóir leighis á cur ar an saoránach.

Déantar na sonraí pearsanta a tharchur, a phróiseáil agus a stóráil i gcomhréir le dlí na tíre ina bhfuil an chóir leighis á tabhairt (féach na mionsonraí a leagtar amach faoi *phointe 6)*.

### 2. Na catagóirí de do shonraí pearsanta atá i gceist

Le linn ghníomhachtú an mhalartaithe leictreonaigh trasteorann den Achoimre ar an Othar, déantar dhá chineál sonraí pearsanta a phróiseáil:

- ar an gcéad dul síos, sonraí riaracháin an othair a bhaineann le sainaithint an othair agus
- ar an dara dul síos, sonraí sláinte an othair atá san Achoimre ar an Othar a tharchuirtear.

San *Achoimre ar an Othar* tugtar le chéile iomlán na sonraí sláinte a bhaineann leis an othar, sonraí a tharchuirtear chun cúram sláinte agus cóir leighis a thabhairt i dtír eile.

I gcomhréir le hAirteagal 4 de RGCS, clúdaíonn sonraí a bhaineann leis an tsláinte sonraí pearsanta a bhaineann le sláinte fhisiciúil nó mheabhrach, lena n-áirítear soláthar seirbhísí cúraim sláinte, lena nochtar faisnéis faoi stádas sláinte an othair.

Sa chiall sin, san *Achoimre ar an Othar* tá sonraí sláinte bunriachtanacha an othair, mar shampla na hailléirgí, na cógais leighis atá sé a ghlacadh faoi láthair, na tinnis a bhí air cheana agus na hobráidí, chomh maith le gnéithe na conaire cúraim atá ábhartha agus riachtanach chun cóir leighis chuí a chur ar an othar thar lear.

### 3. Cén bunús dlí atá le húsáid do shonraí pearsanta?

Déantar do shonraí pearsanta a tharchur, a phróiseáil agus a stóráil i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

- le forálacha RGCS agus le Treoir 2011/24/AE maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm,
- le dlí an 24 Iúil 2014 maidir le cearta agus oibleagáidí an othair i Lucsamburg,
- leis an gcomhaontú idir Ballstáit an Aontais páirt a ghlacadh sa chlár Eorpach an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) eHDSI agus,
- leis an gComhaontú idir Údaráis Náisiúnta nó Eagraíochtaí Náisiúnta atá freagrach as Pointí Teagmhála Náisiúnta don r-Shláinte maidir leis na Critéir is gá chun páirt a ghlacadh i Seirbhísí Faisnéise Trasteorann r-Shláinte *[Agreement between National Authorities or National Organisations responsible for National Contact Points for eHealth on the Criteria required for the participation in Cross Border eHealth Information Services]* lena leagtar síos an ghníomhaireacht *Agence eSanté* mar Phointe Teagmhála Náisiúnta don r-Shláinte (*National Contact Point for eHealth*) le haghaidh Lucsamburg.

Ar deireadh, i gcomhréir go háirithe le hAirteagail 6 agus 7 de RGCS, ní bheidh seirbhísí eHDSI ar fáil duit ach amháin **tar éis duit do thoiliú sainráite a thabhairt**.

Mura dtugann tú do thoiliú sainráite roimh thaisteal nó sula dtugtar cúram sláinte duit i Lucsamburg, ní bheidh do shonraí ar fáil trí SCE eHDSI, fiú i gcás éigeandála.

### 4. Cén fheidhm atá le próiseáil do shonraí pearsanta?

Ní úsáidfear na sonraí a bhaineann le do shláinte ach amháin chun cóir leighis a chur ort, is é sin i gcomhthéacs an chúraim a thugann gairmithe cúraim sláinte (dochtúirí/altraí), a chleachtann i Lucsamburg, duit.

I Lucsamburg, ní dhéanfar choíche na sonraí sláinte atá i d'*Achoimre ar an Othar* a phróiseáil chun críoch taighde ná staidrimh.

Is iad na sonraí riaracháin a bhaineann le do shainaithint amháin a phróiseálfar ar bhealach anaithnid chun staitisticí a tháirgeadh, is é sin staitisticí cainníochtúla faoin líon tarchur leictreonach trasteorann a dhéantar.

## 5. Cé a dhéanann do shonraí a phróiseáil agus cé aige a bhfuil rochtain orthu? (Faighteoirí na sonraí pearsanta)

Na gairmithe sláinte údaraithe i Lucsamburg (dochtúirí/altraí) atá rannpháirteach sa chúram a thugtar duit agus atá faoi cheangal na rúndachta gairmiúla, is do na gairmithe sláinte sin amháin a bheidh na sonraí sláinte atá i d'*Achoimre ar an Othar* ar fáil.

Níl rochtain ag *Agence eSanté*, mar phointe teagmhála náisiúnta don r-shláinte, ach amháin ar na sonraí riaracháin a bhaineann le do shainaithint, sainaithint nach mór don ghairmí sláinte as Lucsamburg a dhéanamh mar chuid dá iarraidh ar an *Achoimre ar an Othar*.

Gach tír ina gcuirtear cóir leighis ort atá rannpháirteach in SCE eHDSI, chuir sí roimpi a chinntiú go mbíonn an fhaisnéis agus an oiliúint uile ar fáil do na gairmithe sláinte agus na soláthróirí cúraim sláinte ar a críoch atá ag teastáil uathu chun a gcuid cúraimí a chur i gcrích agus na hoibleagáidí a bhaineann le seirbhísí eHDSI a chomhlíonadh, agus go háirithe an oibleagáid an t-othar a chur ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 13 de RGCS a chomhlíonadh.

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais faoi na tíortha rannpháirteacha ar shuíomh gréasáin *Agence eSanté* (www.esante.lu).

Ar deireadh, na sonraí sláinte san *Achoimre ar an Othar*, déanfar iad a tharchur trí thairseach shábháilte arna sholáthar ag na tíortha atá rannpháirteach in SCE eHDSI mar phointe teagmhála náisiúnta don r-shláinte.

## 6. Cén áit a stóráiltear na sonraí pearsanta agus cá fhad?

Stóráiltear na sonraí atá san *Achoimre ar an Othar* i gcórais faisnéise na ngairmithe sláinte neamhspleácha nó institiúideacha i Lucsamburg, agus stóráiltear iad ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a mhéid, i gcomhréir le forálacha Dhlí an 24 Iúil 2014 maidir le cearta agus oibleagáidí an othair i Lucsamburg.

## 7. Do chearta rochtana

Má thoilíonn tú le do shonraí pearsanta, sonraí a bhailítear le linn do chúraim sláinte i Lucsamburg, a phróiseáil faoi chuimsiú sheirbhísí eHDSI, féadfaidh tú an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Do chearta rochtana ar do shonraí a fheidhmiú;
- A iarraidh go gceartófaí aon sonraí neamhchruinne i gcomhréir le hAirteagal 16 de RGCS;
- A iarraidh go scriosfaí do shonraí i gcomhréir le hAirteagal 17 de RGCS;
- Cur i gcoinne phróiseáil do shonraí i gcomhréir le hAirteagal 21 de RGCS;
- Ar deireadh, do thoiliú a tharraingt siar am ar bith,

ach iarraidh a chur faoi bhráid an ghairmí sláinte atá ag tabhairt cúram sláinte duit i Lucsamburg nó, de rogha air sin, faoi bhráid Aonad cosanta sonraí na Gníomhaireachta, go díreach tríd an seoladh ríomhphoist seo: privacy@esante.lu

Mar a luaitear cheana féin i bpointe 3 thuas: Mura dtugann tú do thoiliú sainráite le do shonraí pearsanta a phróiseáil faoi chuimsiú sheirbhísí eHDSI roimh thaisteal nó sula dtugtar cúram sláinte duit i Lucsamburg, ní bheidh do shonraí ar fáil don ghairmí sláinte atá freagrach as cúram sláinte a thabhairt duit, fiú i gcás éigeandála.

**Sonraí teagmhála:**


**Pointe Teagmhála Náisiúnta don r-Shláinte (*National Contact Point for eHealth*)**
Agence eSanté Luxembourg G.I.E.
Agence nationale des informations partagées dans le domaine de la santé
B.P. 2511 L-1025 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil: (+352) 2712 5008 1 Facs: (+352) 2712 5230 21
Ríomhphost: info@agence-esante.lu


**Teagmhálaí 'Cosanta sonraí' *Agence eSanté***

Tá teagmhálaí 'Cosanta sonraí' *Agence eSanté* arb é an ról atá aige a chinntiú go n-urramaítear próiseáil na sonraí pearsanta i gcomhréir leis na forálacha rialála is infheidhme.

Tá an teagmhálaí sin freagrach as aon iarraidh a chuireann daoine lena mbaineann próiseáil sonraí isteach chun a gcearta a fheidhmiú, chomh maith le gach ceist agus gearán.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis tríd an bpost ag seoladh *Agence eSanté* a thugtar thuas, arna dhíriú ar *Cellule protection des données* [an t-aonad cosanta sonraí], nó trí ríomhphost ag an seoladh seo a leanas: privacy@esante.lu

Seolfar admháil go bhfuarthas an iarraidh, agus na sonraí uile a mhalartaítear sa chomhthéacs sin, cosnófar mar chomhfhreagras príobháideach iad.

**Údarás maoirseachta i Lucsamburg**

Commission nationale pour la protection des données (CNPD) [An Coimisiún Náisiúnta um Chosaint Sonraí]
1, avenue du Rock'n'Roll
L-4361 Esch-sur-Alzette
Teil.: (+352) 26 10 60 - 1
Facs : (+352) 26 10 60 - 29